# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

## SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH, 2007

## TÍREOLAÍOCHT – GNÁTHLEIBHÉAL

## ROINN 2

**DÉ LUAIN, 11 MEITHEAMH – TRÁTHNÓNA, 1.30 go 3.30**

Tá **ROINN 1** den pháipéar seo i bhfillteán ar leithligh, mar a bhfuil spásanna le haghaidh do chuid freagraí.

**N.B. CUIMNIGH AIR, LE DO THOIL, GO gCAITHFEAR AN FILLTEÁN A THABHAIRT AR AIS LE DO FHREAGARLEABHAR**

**THALL →**

**ROINN 2 (90 MARC)**

Freagair **TRÍ** cheist.

Gabhann na marcanna céanna le gach ceist

**1. <u>TÍREOLAÍOCHT FHISICEACH</u>**

**A.** Is féidir le daoine **carraigeacha** a úsáid ina lán slite difriúla.

**(i)** Ainmnigh **trí** charraig agus abair conas is féidir gach ceann díobh a úsáid. [6]

**(ii)** Mínigh an fáth a gcuirfeadh daoine ina choinne, b'fhéidir, dá n-osclófaí cairéal, chun carraig a bhaint amach as, in aice lena n-áit chónaithe. [4]

**B. Aibhneacha**

**(i)** Ainmnigh gné **amháin** de Chreimeadh Abhann.

Tarraing léaráid den ghné seo.

Mínigh conas a foirmíodh an ghné seo. [6]


**(ii)** Ainmnigh gné **amháin** de Shil-leagan Abhann.

Tarraing léaráid den ghné seo.

Mínigh conas a foirmíodh an ghné seo. [6]

1. **<u>TÍREOLAÍOCHT FHISICEACH *ar leanúint.*</u>**

**C. Aibhneacha agus Daoine**




Is féidir an t-uisce in abhainn a úsáid i slite éagsúla. Féach ar an léaráid thuas, a thaispeánann na húsáidí seo a leanas:

**A** Cumhacht hidrileictreach

**B** Tionsclaíocht

**C** Talmhaíocht

**D** Soláthairtí do chathracha

**E** Iompar ar aibhneacha


Roghnaigh **dhá** cheann de na húsáidí thuas agus abair cén fáth a bhfuil siad tábhachtach.

[8]

**THALL →**

## 2. ITHREACHA


**A.** Déan staidéar cúramach ar an léarscáil seo.




**(i)** Cad é an príomhchineál ithreach a fhaightear in Éirinn? [3]

**(ii)** Cad é an príomhchineál ithreach a fhaightear sna limistéir ardtalaimh in Iarthuaisceart agus in Iardheisceart na hÉireann? [3]

**B.** Féach go cúramach ar an léaráid seo a thaispeánann príomh-chomhábhair na hithreach.




**(i)** Cén céatadán den ithir atá déanta as cáithníní mianraí? [3]

**(ii)** Déan cur síos ar an tábhacht a bhaineann le **trí** cinn ar bith díobh seo a leanas i gcomhdhéanamh na hithreach:
**Cáithníní Mianraí; Aer; Uisce; Iarsmaí Plandaí.** [9]

**C.** Tá an ithir tábhachtach san fheirmeoireacht. Is córais iad feirmeacha agus tá **IONCHUIR, PRÓISIS** agus **ASCHUIR** acu.

**(i)** Ainmnigh ionchur **amháin**, próiseas **amháin** agus aschur **amháin** ar fheirm mheasctha a bhfuil staidéar déanta agat uirthi.

**(ii)** Déan cur síos achomair ar **thrí** jab a dhéanann feirmeoir ar fheirm mheasctha. [12]

**3.** **AERFÓTAGRAF**

Déan staidéar ar an aerfótagraf de Dhroichead Átha, a thugtar leis an bpáipéar seo.

[**NOD:** Cuimhnigh air gur **fótagraf fiar** é seo. Mar sin, ba chóir duit na téarmaí cearta a úsáid, e.g. an Cúlra ar Clé, an Cúlra ar Dheis, etc.]

**A.** Tarraing sracléarscáil den cheantar go léir a thaispeántar san fhótagraf. Marcáil iad seo air agus ainmnigh iad:

- Abhainn
- Droichead
- Dhá bhóthar a chónascann a chéile
- Eaglais
- Carrchlós [12]

**B.** Roghnaigh, agus sainaithin go soiléir, áit ar an bhfótagraf ar mhaith leat cónaí ann. Tabhair **trí** chúis le do fhreagra agus bain úsáid as oiread sonraí agus is féidir ón bhfótagraf. [10]

**C.** **(i)** Cén tráth den bhliain a bhí ann nuair a tógadh an pictiúr seo? [2]

**(ii)** Bain úsáid as fianaise ón bhfótagraf agus tabhair cúis **amháin** le do fhreagra. [2]

**(iii)** Agus tú ag baint úsáide as fianaise ón bhfótagraf, ainmnigh agus tabhair suíomh **dhá** sheirbhís atá ar fáil i nDroichead Átha. [4]

**THALL →**

## 4. LÉARSCÁIL SUIRBHÉIREACHT ORDANÁIS

**A.** Féach ar an léarscáil de chuid na Suirbhéireachta Ordanáis agus ar an eochair eolais a thugtar leis seo.
Tarraing sracléarscáil den cheantar a thaispeántar ar léarscáil na Suirbhéireachta Ordanáis.
Marcáil iad seo uirthi agus ainmnigh iad:

- Abhainn mhór
- An ceantar i nDroichead Átha atá faoi fhoirgnimh
- Mótarbhealach
- Trá
- Galfchúrsa [12]

**B.** Féach arís ar léarscáil na Suirbhéireachta Ordanáis.

**(i)** "Is baile mór aosta é Droichead Átha. D'fhorbair sé ag an suíomh seo ar chúiseanna éagsúla."
Bain úsáid as fianaise ón léarscáil agus déan cur síos ar **dhá** chúis ar fhorbair Droichead Átha ag an suíomh seo. [6]


**(ii)** Cad é an fad ina chiliméadair, ar an R132 ón T-Acomhal ag Baile Iúiliáin (Julianstown) (O 133 708), ó thuaidh go dtí an stáisiún iarnróid i nDroichead Átha (O 099 748)?
[4]

**C.** Tá sé molta gur chóir Ionad Siopadóireachta a thógáil in aice leis an timpeallán ag O 065 767.
Déan cur síos ar bhuntáiste **amháin** agus ar mhíbhuntáiste **amháin** a bhaineann le hIonad Siopadóireachta a thógáil ag an suíomh seo. [8]

## 5. MEASCÁN TÍREOLAÍOCHTA

**Tabhair faoi THRÍ CINN AR BITH de na ceisteanna: A, B, C, D.**

### 5A. CREATHANNA TALÚN




Déan staidéar ar an léarscáil thuas. D'fhulaing an limistéar seo den domhan a lán creathanna talún ó 1900 i leith.


**(i)** Ainmnigh an **dá** thír leis an líon is mó daoine a fuair bás i gcreathanna talún. Ainmnigh an tír ina raibh crith talún ina chúis le **tsunami**. [6]

**(ii)** Déan cur síos ar **dhá** thoradh a thagann as cathair mhór a bheith buailte ag crith talún. [4]

**THALL →**

**5 MEASCÁN TÍREOLAÍOCHTA *ar leanúint***

### 5B. TIONSCAL DÉANTÚSAÍOCHTA




**(i)** Ainmnigh tionscal déantúsaíochta a bhfuil staidéar déanta agat air.

**(ii)** Ainmnigh sampla **amháin** de **gach** ceann de na h**ionchuir**, de na **próisis** agus de na h**aschuir** is tábhachtaí sa tionscal atá ainmnithe agat.

**(iii)** Cad is **Eastát Tionsclaíoch** ann?

[10]

### 5C. DOMHAN SAIBHIR – DOMHAN BOCHT

**(i)** Mínigh **dhá** cheann de na téarmaí seo a leanas:

- Dúshaothrú
- Barr margaidh
- Cúnamh Déthaobhach
- Cúnamh Práinne
- Cúnamh Forbartha [6]

**(ii)** Féach go cúramach ar an bhfótagraf seo.



San fhótagraf taispeántar bean agus cúnamh bia á fháil aici.
Cén fáth a dteastódh cúnamh bia ó dhaoine? Luaigh **dhá** chúis.

[4]

## 5 MEASCÁN TÍREOLAÍOCHTA *ar leanúint*

## 5D. STAIDÉAR AR AN DAONRA

Féach go cúramach ar an tábla seo a leanas, a tógadh as **Daonáireamh 2006**. Taispeánann sé an t-athrú sa daonra i gCúige Chonnacht idir 1981 agus 2006.

***An tAthrú sa Daonra i gCúige Chonnacht, 1981 – 2006***

| | **1981** | **1986** | **1991** | **1996** | **2002** | **2006** |
|---|---|---|---|---|---|---|
| GAILLIMH | 172,018 | 178,552 | 180,364 | 188,854 | 209,077 | **231,035** |
| LIATROIM | 27,609 | 27,035 | 25,301 | 25,057 | 25,799 | **28,837** |
| MAIGH EO | 114,766 | 115,184 | 110,713 | 111,524 | 117,446 | **123,648** |
| ROS COMÁIN | 54,543 | 54,592 | 51,697 | 51,975 | 53,774 | **58,700** |
| SLIGEACH | 55,474 | 56,046 | 54,756 | 55,821 | 58,200 | **60,863** |

*Foinse: POS, Daonáireamh 2006*

**(i)** Ainmnigh an **contae** ina raibh an daonra is mó in 2006. [2]

**(ii)** Ríomh an **méadú ar** dhaonra **Chontae Shligigh** idir 1981 agus 2006. [2]

**(iii)** Ainmnigh an **contae** ina dtaispeántar ar t-**athrú is lú** sa daonra idir 1981 agus 2006. [2]

**(iv)** Is é an t-aon chontae amháin a thaispeánann méadú sa daonra gach bliain ná Gaillimh. An phríomhchúis atá leis seo ná an tábhacht a bhaineann le cathair na Gaillimhe. Cén fáth a dtéann daoine ar imirce (Cén fáth a n-aistríonn daoine) le dul chun cónaithe sna cathracha? Luaigh **dhá** chúis. [4]

# LEATHANACH BÁN

**LEATHANACH BÁN**

# LEATHANACH BÁN